Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12259/22

LIMITE

POLCOM 110
SERVICES 17
TELECOM 361
DATAPROTECT 250

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an tSeapáin i ndáil le forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an tSeapáin i ndáil le forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch ('an Comhaontú')[1].

(2) De bhun Airteagal 8.81 den Chomhaontú, tá na Páirtithe le hathmheasúnú a dhéanamh ar an ngá le forálacha maidir le saorshreabhadh sonraí a chur leis an gComhaontú.

(3) Scrúdaigh an Comhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 22.1 den Chomhaontú, ag a chruinniú an 25 Márta 2022, an mbeadh sé le leas na comhpháirtíochta eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú. Ar bhonn an scrúdaithe sin, thug ionadaithe an Aontais agus na Seapáine ag an 28ú cruinniú mullaigh idir an tAontas agus an tSeapáin, a tionóladh an 12 Bealtaine 2022, gealltanas machnamh a dhéanamh maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht is gá chun forálacha den chineál sin a chur leis an gComhaontú.

[1] IO L 330, 27.12.2018, lch. 3

(4) Caidreamh domhain dinimiciúil is ea an caidreamh eacnamaíoch idir an tAontas agus an tSeapáin, agus, lena gcomhshocrú leordhóthanachta, tá an limistéar is mó ar domhan le haghaidh aistrithe sábháilte sonraí pearsanta cruthaithe acu. Is í an tSeapáin an comhpháirtí straitéiseach is gaire dá bhfuil ag an Aontas sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus is í an dara comhpháirtí trádála is mó dá bhfuil aige san Áise.

(5) Tá an tAontas i mbun caibidlíochta maidir leis na rialacha cothrománacha lena gcumhdaítear sreafaí trasteorann sonraí i gcomhthéacs caibidlíochtaí déthaobhacha le roinnt tríú tíortha agus i gcomhthéacs na caibidlíochta san Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir leis an ríomhthráchtáil. Ba cheart forálacha an Chomhaontaithe a bheith comhleanúnach leis na rialacha sin. Dá bhrí sin, is iomchuí forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú, chun a chomhtháthú leis na rialacha cothrománacha lena gcumhdaítear sreafaí trasteorann sonraí agus cosaint na sonraí pearsanta a comhaontaíodh i gcomhthéacs na caibidlíochtaí trádála a áirithiú.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus thug sé tuairim uaidh an 9 Lúnasa 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).



PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an tSeapáin, i ndáil le forálacha maidir le sreafaí trasteorann sonraí a chur leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin le haghaidh Comhpháirtíocht Eacnamaíoch.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar na Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála – Saineolaithe (Seirbhísí agus Infheistíocht).

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC